

Cuntas Leithreasa 2023

Vóta 32

Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 le haghaidh tuarastail agus caiteachais Oifig an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgead teoranta.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid le suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2023, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar do sheirbhísí soláthair caipitil in 2023 as leithreasaí neamhchaite in 2022, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlítear barrachas €596.851 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas maidir le Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe in Imlitir 22 de 2023, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de na rudaí seo a leanas.

Dímheas

Déantar sócmhainní a dhímheas go míosúil ar bhonn líne díri thar a saolré fhóinteach mheasta, ag tosú le dímheas míosa iomlán a ghearrtar i mí an cheannaigh agus ní ghearrtar aon cheann sa mhí diúscartha.

Meastar mar seo a leanas saolréanna úsáideacha agus rátaí amúchta gaolmhara na n-aicmí móra sócmhainní doláimhsithe:

<i>Aicme sócmhainní</i>	<i>Saolré fhóinteach</i>	<i>Ráta amúchta</i>
Ceadúnais bhogearraí	Téarma ceadúnais 2-10 mbliana	50%-10%
Bogearraí faighte/forbartha	10 mbliana	10%

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialú inmheánach airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na gceanglas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais ach cinnteacht réasúnta, seachas cinnteacht iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thairfeadh i gceart, is go ndéantar earráidí nó aimhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am cuí. Próiseas leanúnach is é córas rialuithe airgeadais a choinneáil, agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Timpeallacht um rialú airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i leith an chórais rialaithe airgeadais inmheánach.
- Rinneadh doiciméadú de na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choimeádtar faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcórais TCF a chinntiú

- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte mar is cuí, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt scríofa arna faomhadh agam. Tá obair an iniúchta inmheánaigh bunaithe ar anailís ar na rioscaí seachtracha a bhfuil an Roinn rite dóibh agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna faomhadh agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm sna pleananna seo príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta ama. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm rialaithe inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar bearta leantacha ar dhroim tuairiscí ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á bhronnadh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear costas na foirne ar conradh, agus €14.9 milliún san iomlán in 2023.

Tá sonraí de shé chonradh neamhiomaíochas os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Neamhchomhlíonadh leis na rialacha soláthair

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte gan dhá chonradh os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) a áireamh ar tugadh fúthu gan próiseas iomaíoch, arbh fhiú €183,789 san iomlán iad (gan CBL san áireamh) mar atá leagtha amach thíos.

- Soláthar amháin le luach carnach €131,208 a chlúdaigh ceannach trí sheirbhís glantacháin scoite ar fud oifigí na Roinne, agus chuaigh gach ceann acu in éag le linn 2022 gan conradh nua a bheith i bhfeidhm. I gcás amháin, tugadh an próiseas soláthair nua chun críche i bhFeabhra 2023 agus sa dá chás eile, síníodh an dá chonradh i mBealtaine 2024.
- Dara soláthar ar a raibh luach iomlán carnach de €52,581 a chlúdaigh ceannach trí chonradh scoite chun seirbhísí dlí agus comhairle a sholáthar maidir le cur chun feidhme na mbeart éigeandála a glacadh mar fhreagra ar ionradh na hÚcráine i bhfoirm Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine, mearfhreagairt chun saoráidí iasachtaithe a sholáthar do FBManna tríd an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid agus leasú ar an gcomhaontú maoinithe faoi spriocdháta teann don Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta. Níorbh fhéidir soláthar iomaíoch a dhéanamh sna cásanna seo.

Riosca agus creat rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Roinn, agus rinneadh na rioscaí seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntais. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ionas go bhfanfaidís ar leibhéal inghlactha.

Sonraítear ar an gclár riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as oibriú rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, más ábhartha, in am cuí. Dearbhaím gur aithníodh príomhrioscaí agus príomhrialuithe a bhaineann leo, agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus chun aon easnaimh a aithnítear iontu a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá eolas curtha ar fáil do mhonatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais, ag an obair a dhéanann iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna um rialú inmheánach airgeadais

Calaois amhrasta i scéimeanna iasachtaí arna mbainistiú ar son na Roinne

Cé nár sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2023, chuir Corparáid Baintéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) an Roinn ar an eolas faoi ábhair imní maidir le líon beag iasachtaí a d'eisigh iasachtóirí a bhí ina rannpháirtithe i scéimeanna iasachtaí arna mbainistiú thar ceann na Roinne ag CBSÉ agus atá clúdaithe ag ráthaíochtaí a bhí maoinithe go páirteach ó Vóta na Roinne. Go sonrach, chuir iasachtóir ar aghaidh rannpháirteach, an CBSÉ ar an eolas go bhféadfadh líon beag iasachtaí CBSÉ a bheith faofa ag an iasachtóir ar aghaidh ar bhonn faisnéise calaoisí airgeadais a chuir na hiasachtaithe i láthair. Dheimhnigh an t-iasachtóir ar aghaidh gur tuairiscíodh na cásanna seo do na húdaráis ábhartha agus go bhfuil imscrúduithe ar bun. Tá an Roinn á nuashonrú ag CBSÉ maidir le dul chun cinn na n-imscrúduithe. Nochtadh an tsaincheist seo freisin faoi nóta 6.4 'Calaois agus calaois amhrasta' den chuntas seo.

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí – próiseas bainte den chlár

Ceanglaíonn Achtanna na gCuideachtaí ar chuideachtaí tuairisceáin bhliantúla a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) agus cumhacht a thabhairt don oifig sin cuideachtaí a dteipeann orthu tuairisceáin a chomhdú a bhaint den chlár. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas bainte den Chlár ná go dtugann an OCC roinnt rabhadh do chuideachtaí nach bhfuil tuairisceáin déanta acu ag meabhrú dóibh an dualgas atá orthu déanamh amhlaidh agus an gá atá le gníomh feabhais a ghlacadh laistigh de thréimhse shonraithe. I gcásanna ina bhfanann cuideachtaí neamhchomhlíontacha tar éis na tréimhse seo, foilsíonn an OCC an 1ú Fógra ina hIris ina liostaítear cuideachtaí le haghaidh baint den chlár atá le teacht mura ndéanfaí gníomh feabhais laistigh den tréimhse riachtanach. Tar éis na tréimhse breise seo, baintear na cuideachtaí neamhchomhlíontacha atá fágtha den chlár agus liostaítear iad san Iris OCC (2ú Fógra).

Mar fhreagra ar na deacrachtaí a bhí ag cuideachtaí le teacht Covid, chuir an OCC a gníomhaíocht forfheidhmithe ar fionraí i Márta 2020. Cuireadh tús arís leis an bpróiseas sa chuid dheireanach de 2023. I mí Eanáir 2024, tháinig an OCC ar an eolas faoi shaincheist TF a d'fhág nach raibh cohórt cuideachtaí ar an liosta le haghaidh bainte den chlár sna hIrisí OCC a foilsíodh ina heagrán ar 22 agus 29 Samhain 2023. Tharraing an OCC siar na hIrisí sin agus chuir leaganacha ina raibh na cuideachtaí breise ina n-ionad. Baineadh na cuideachtaí a bhí i gceist (iad siúd a bhí san áireamh sna hIrisí bunaidh agus sna hIrisí athsholáthair araon) den Chlár ina dhiaidh sin an 26 Eanáir agus an 2 Feabhra 2024.

Nuair a tháinig sí ar an eolas faoin tsaincheist seo, d'iarr an OCC comhairle ar oifig an Ard-Aighne (OAA) agus ar Abhcóidí seachtracha maidir leis an mbealach ina ndearnadh an próiseas bainte den chlár a leanadh sa chás seo. Moladh don OCC gur cheart di beart a dhéanamh chun stádas na gcuideachtaí lena mbaineann a cheartú go “gnáth” ar chlár na gcuideachtaí lena n-áirítear trí scríobh go díreach chuig na cuideachtaí lena mbaineann agus a stiúrthóirí agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann leis na hIrisí OCC. Cheartaigh an OCC stádas na gcuideachtaí a raibh tionchar orthu go cuí, d'fhoilsigh sí eagrán speisialta dá hIris agus scríobh sí chuig na cuideachtaí agus na stiúrthóirí go léir a raibh tionchar orthu. Ina theannta sin, chuir an OCC gníomhaíocht bhreise neamhdheonach den chlár ar fionraí go sealadach. Tá obair ar siúl ag an OCC chun athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta agus rialuithe TFC chomh maith le hoiliúint foirne chun a chinntiú go bhfuil an próiseas a bhaineann le baint neamhdheonach den chlár, láidir nuair a chuirtear tús leis arís.

Declan Hughes

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

an 28 Márta 2024

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 32 – Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d’Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 32 – Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d’ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m’iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Theaghlachas an Uachtaráin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Cuntasaíocht vótaí agus bainistíocht bhuiséid

Tá mír i gCaibidil 3 mo thuarascála ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2023 ina dtuairiscítear an leibhéal ard maoinithe a tugadh suas ar Vóta 32 faoi dheireadh 2023, a tháinig chun cinn go suntasach i gcomparáid le glacadh níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis na Scéime Sealadaí Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (TBESS) agus na Scéime Tacaíochta Úsáideoirí Gnó Ceirisín (BUSS).

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

23 Mean Fomhair 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idimáisiúnta um Iniúcháireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochá úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainiúnmh agus measúnaím rioscaí an mhírítis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainiúnmh le linn m'iniúchta.

Tuairiscim de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhír sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainiúnmh aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidil ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Cuntas Leithreasa 2023

		2023		2022
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Forbairt Post agus Fiontraíochta			
	<i>Bunmhéid</i>	1,246,222		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	54,500		
	<i>Forlíontach</i>	(6,293)		
			1,294,429	729,531
				584,946
B	Nuálaíocht			
	<i>Bunmhéid</i>	258,700		
	<i>Forlíontach</i>	7,185		
			265,885	224,286
				200,612
C	Rialáil			
	<i>Bunmhéid</i>	116,491		
	<i>Forlíontach</i>	(891)		
			115,600	111,956
				99,116
Ollchaiteachas				
	<i>Bunmhéid</i>	1,621,413		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	54,500		
	<i>Forlíontach</i>	1		
			1,675,914	1,065,773
				884,674
	<i>Asbhaint</i>			
D	Leithreasáí-i-gcabhair		71,921	78,631
				78,577
Glanchaiteachas				
	<i>Bunmhéid</i>	1,549,492		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	54,500		
	<i>Forlíontach</i>	1		
			1,603,993	987,142
				806,097

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm, a ghéilleadh don Stáitchiste.

Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán na leithreasáí neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €20 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith gnéithe caipitil de Fho-Cheannteidil A.5 agus A.7 ar aghaidh go dtí 2024.

	2023	2022
	€	€
Barrachas	616,850,553	769,491,787
Géilleadh iarchurtha	<u>(20,000,000)</u>	<u>(54,500,000)</u>
Barrachas le géilleadh	<u>596,850,553</u>	<u>714,991,787</u>

Declan Hughes

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

an 23 Márta 2024

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas Costas Oibriúcháin 2023

	2023	2022
	€000	€000
Costais an chláir	1,017,536	841,033
Pá	37,667	34,981
Neamhphá	10,570	8,660
Ollchaiteachas	1,065,773	884,674
<i>Asbhaint</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	78,631	78,577
Glanchaiteachas	987,142	806,097
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Maoín, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(92)	
Dímheas	375	
Airgead tirim diúscartha	—	
Caillteanas ar dhiúscairtí	24	
Caillteanas ar aistriú chuig ÚFC (Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach)	348	
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	(1,803)	
Amúchadh	902	
Caillteanas ar aistriú chuig ÚFC (Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach)	105	
	(141)	(79)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	118	
Laghdú ar ioncam fabhraithe	720	
Méadú ar speansais fhabhraithe	1,088	
Méadú ar ioncam iarchurtha	1,329	
	3,255	(7,506) ^a
Caiteachas díreach	990,256	798,512
Caiteachas a íoctar in áiteanna eile		
Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (airgead tirim) (nóta 1.1)	29,066	28,511
Cíosanna barúlacha (neamhairgid)	2,847	2,847
Glanchostas an chláir	1,022,169	829,870

Nóta ^a Figiúr athshonraithe. Féach nóta 2.4.

1.1 Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara

Tá méid na nglanchaiteachas seirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 32 a íoctar in áit eile.

		2023	2022
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	62	87
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor	24,257	22,916
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	3,868	4,672
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta Um Sheirbhísí Comhroinnte	134	123
Vóta 20	Garda Síochána	251	251
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	153	123
Lárchiste - Pinsin aireachta		341	339
		29,066	28,511

Nóta 2 Ráiteas maidir le Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní seasta			
Maoin, gléasra agus trealamh	2.1	603	1,258
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	5,647	4,851
Sócmhainní seasta iomlána		6,250	6,109
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		19,993	84,093
Réamhíocaíochtaí	2.3	1,714	1,832
Ioncam fabhraithe	2.4	338	1,058 ^a
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	926	980
Iomlán na sócmhainní reatha		22,971	87,963
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe	2.6	3,970	2,882
Ioncam iarchurtha	2.7	4,169	2,840
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.8	5,639	5,627
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.9	15,280	79,446
Iomlán na ndliteanas reatha		29,058	90,795
Glansócmhainní reatha/(dliteanais)		(6,087)	(2,832)
Glansócmhainní		163	3,277
Léirithe ag:			
Cuntas maoinithe an Stáit	2.10	163	3,277

Nóta ^a Figiúr athshonraithe. Féach nóta 2.4.

2.1 Maoin, gléasra agus trealamh ^a

	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Mótarfheit hiclí €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil ^b				
Amhail an 1 Eanáir 2023	7,011	3,079	207	10,297
Breiseanna	92	—	—	92
Diúscairtí	(112)	(152)	—	(264)
Aistrithe chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ^c	(448)	(71)	(207)	(726)
Amhail an 31 Nollaig 2023	6,543	2,856	—	9,399
Dímheas carntha				
Amhail an 1 Eanáir 2023	6,221	2,815	3	9,039
Dímheas don bhliain	313	62	—	375
Dímheas ar dhiúscairtí	(112)	(128)	—	(240)
Aistrithe chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ^c	(304)	(71)	(3)	(378)
Amhail an 31 Nollaig 2023	6,118	2,678	—	8,796
Glansócmhainní				
Amhail an 31 Nollaig 2023	425	178	—	603
Amhail an 31 Nollaig 2022	790	264	204	1,258

Nóta ^a Áirítear le costas nó luacháil sócmhainní áirithe a fuarthas le haghaidh níos lú ná €10,000 roimh 1 Eanáir 2021.

^b Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní éadála agus forbartha bogearraí a athaicmiú ó mhaoin, gléasra agus trealamh go sócmhainní doláimhsithe (féach nóta 2.2).

^c Ghlac an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, a bunaíodh mar ghníomhaireacht neamhspleách ar an 7 Iúil 2022, feidhmeanna Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Aistríodh úinéireacht na sócmhainní chuig an údarás ar nialas ar 1 Eanáir 2023.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe ^a

	Bogearraí faighte agus forbartha	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000
Costas nó luacháil			
Amhail an 1 Eanáir 2023	32,193	85	32,278
Breiseanna	—	1,803	1,803
Aistrithe	267	(267)	—
Aistrithe chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ^b	(210)	—	(210)
Amhail an 31 Nollaig 2023	32,250	1,621	33,871
Amúchadh Carntha			
Amhail an 1 Eanáir 2023	27,427	—	27,427
Amúchadh don bhliain	902	—	902
Aistrithe chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ^b	(105)	—	(105)
Amhail an 31 Nollaig 2023	28,224	—	28,224
Glansócmhainní			
Amhail an 31 Nollaig 2023	4,026	1,621	5,647
Amhail an 31 Nollaig 2022	4,766	85	4,851

Nóta ^a Áiríodh éadail bogearraí agus sócmhainní forbartha i maoin, gléasra agus trealamh sna blianta roimhe seo.

^b Ghlac an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, a bunaíodh mar ghníomhaireacht neamhspleách ar an 7 Iúil 2022, feidhmeanna Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Aistríodh úinéireacht na sócmhainní chuig an údarás ar nialas ar 1 Eanáir 2023.

2.3 Réamhíocaíochtaí

Amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Seirbhísí agus tacaíocht TF	1,369	1,709
Riarachán	345	123
	1,714	1,832

2.4 Ioncam fabhraithe

Amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Ioncam dlite ón gCoimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	165	214
Ioncam dlite ó cheadanna fostaíochta	123	52
Ioncam dlite d'Oifigí RFTF as seirbhísí	30	42
Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa	20	750 ^a
	338	1,058

Nóta ^a Figiúr athshonraithe do 2022. Fágadh na préimheanna atá dlite do RFTF do 2022 ó CBSÉ faoi scéimeanna a oibríodh faoin Acht um Ráthaíocht Creidmheasa ar lár go hearráideach.

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

Amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí chuig OOP	15	35
Iarmhéideanna dochair ilghnéitheacha	678	785
Caiteachas in-aisghabhála		
Turas	78	
Seirbhísí comhroinnte	155	
	233	160
	926	980

2.6 Costais fhabhraithe

Amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Scéim um fhaoiseamh daonnúil	2,932	—
Aisíocaíochtaí ceada fostaíochta dlite	349	1,638
Costais riaracháin	337	421
Aisghabhálacha idir-rialtasacha	132	147
Seirbhísí agus tacaíocht TF	181	136
Costais dlí	2	268
Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa	37	272
	3,970	2,882

2.7 Ioncam iarchurtha

Amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Fáltais ó cheadanna fostaíochta as iarratais neamhphróiseáilte	2,457	1,277
Iarmhéideanna custaiméirí ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí	1,712	1,563
	4,169	2,840

2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

Amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	1,220	1,180
Árachas sóisialta pá-choibhneasa	797	715
Cáin mhaoine áitiúil	7	7
Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla	165	161
Cáin bhreisluacha ar fháltais laistigh den AE	104	68
Muirear sóisialta uilíoch	239	223
	2,532	2,354
Sciar de tháillí athnuachana paitinne is infótha le hOifig Eorpach na bPaitinní	1,882	1,907
Íocaíochtaí foirne	450	656
Dlíteanas pinsin	4	53
Tuarastail in-aisghabhála	159	159
Iarmhéideanna ilghnéitheacha eile	612	498
	5,639	5,627

2.9 Glanmhaoiniú Státhiste

Amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	596,851	714,992
Géilleadh iarchurtha	20,000	54,500
Deontas neamhtharraingthe ón Státhiste	(601,571)	(690,046)
Glanmhaoiniú ón Státhiste	15,280	79,446
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	19,993	84,093
Iarmhéideanna dochair eile	926	980
	20,919	85,073
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(2,532)	(2,354)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	(3,107)	(3,273)
	(5,639)	(5,627)
	15,280	79,446

2.10 Cuntas maoinithe an Stáit

	Nóta	2023	2022
		€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		3,277	(4,308)
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,603,993	
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(20,000)	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(596,851)	
Glanvóta		987,142	806,097
Caiteachas (airgead tirim) a íoctar in áiteanna eile	1.1	29,066	28,511
Caiteachas neamhairgid – cíós barúlach	1	2,847	2,847
Glanchostas an chláir	1	(1,022,169)	(829,870)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		163	3,277

2.11 Tiomantais

a) Tiomantais dhomhanda ^a	2023	2022
Amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	123,890	121,084
Cláir deontais neamhchaipitil	5,774	3,837
Cláir deontais chaipitil	1,295,163	1,153,153
lomlán	1,424,827	1,278,074
b) Cláir deontais neamhchaipitil	2023	2022
	€000	€000
larmhéid tosaigh	3,837	3,965
Tiomantais deontais nua	22,700	15,621
Deontais a íocadh sa bhliain	(20,288)	(14,546)
Deontais a cuireadh ar ceal	(475)	(1,203)
larmhéid deiridh	5,774	3,837
c) Cláir deontais chaipitil	2023	2022
	€000	€000
larmhéid tosaigh	1,153,153	1,258,845
Tiomantais deontais nua	784,610	533,993
Deontais a íocadh sa bhliain	(474,567)	(488,434)
Deontais a cuireadh ar ceal	(168,033)	(151,251)
larmhéid deiridh	1,295,163	1,153,153

Nótaí ^a San áireamh anseo tá tiomantais a mhaoineofar óna n-ioncam acmhainní féin a ghinfidh comhlachtaí Stáit faoi choimirce na Roinne.

d) Mórthionscadail chaipitil

Taispeántar thíos deontais chaipitil lena mbaineann caiteachas iomlán de €10 milliún nó níos mó.

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2022	Caiteachas in 2023	Tiomantais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin	Saolré caiteachais ionchasach iomlán an tionscadail 2023	Saolré caiteachais ionchasach iomlán an tionscadail 2022^a
	€000	€000	€000	€000	€000
Tiomantais Ghníomhaireachta					
GFT Éireann (A.5)	43,800	51,600	155,900	251,300	202,600
Fiontraíocht Éireann (A.7)	422,742	32,793	153,967	609,502	593,170
Fiontraíocht Éireann (B.4)	13,749	7,142	2,609	23,500	23,500
Tiomantais na Roinne					
INTERREG (A.10)	17,119	2,675	19,400	39,194	20,816
Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireach ta Straitéisí na hÉireann (A.14)	55,000	11,891	—	66,891	67,483
	552,410	106,101	331,876	990,387	907,569

Nóta ^a Ní áirítear tionscadail a críochnaíodh roimh dheireadh 2022.

Athruithe suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le haon tiomantas mór i gcás gur tháinig athrú níos mó ná €500,000 ar an gcaiteachas iomlán ionchasach i gcomparáid le 2022.

GFT Éireann (A.5)

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €49 milliún

Baineann an méadú le naoi dtionscadal le meánmhéadú de €5 milliún an ceann.

Fiontraíocht Éireann (A.7)

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €16 milliún

Baineann an méadú go príomha le €15 milliún do thionscadal nua amháin agus glanmhéadú ar ghealltanais de €1 milliún thar seacht dtionscadal.

INTERREG (A.10)

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €18.4 milliún

Baineann an méadú le gealltanais €19.4 milliún don PEACEPLUS nua

Clár mar a coigeartaíodh é do dheontais curtha ar ceal de €1 milliún ón gclár

INTERREG VA roimhe seo.

Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (A.14)

Laghdú ar an gcaiteachas iomlán ionchasach: €600,000

Tharla an laghdú mar gheall ar chríochnú na Scéime Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta a raibh gá le coigeartú ina leith de €600,000 le haghaidh deontas a cuireadh ar ceal.

2.12 Dliteanais aibithe

Amhail an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana	146	141

2.13 Dliteanais theagmhasacha

Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa

Soláthraíonn an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (CGS) a tháinig i bhfeidhm in 2012 agus a ndearnadh athbhreithniú uirthi in 2017, cuirtear ráthaíocht stáit tríd an Roinn ar fáil d'iasachtóirí rannpháirteacha 80% ar iasachtaí incháilithe nó ar bhannaí feidhmíochta do mhicrifhiontair, fiontair beaga agus mheánmhéide (FBManna) inmharthana. Ba é an neamhchosaint uasta don Roinn maidir le hiasachtaí gan íoc amhail an 31 Nollaig 2023 don SRC ná €458,000 (2022: €703,000).

Seoladh an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 (SRC) i mí Mheán Fómhair 2020 chun cabhrú le gnólachtaí a raibh tionchar diúltach ag COVID-19 orthu agus a dúnadh d'iasachtú an 30 Meitheamh 2022. Chuir an Scéim, ráthaíocht Stáit de 80% ar fáil d'iasachtóirí rannpháirteacha ar shaoráidí iasachtaithe suas go huasmhéid €2 billiún. Forbraíodh an Scéim de réir Chreat Sealadach maidir le Státchabhair an Choimisiúin Eorpaigh agus bhí sí ar fáil do fhiontair beaga agus mheánmhéide, do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus do phríomhtháirgeoirí a chomhlíon na critéir cháilitheachta. Ba é an neamhchosaint uasta don Roinn maidir le hiasachtaí gan íoc amhail an 31 Nollaig 2023 don SRCC ná €280.39 (2022: €409.74 milliún).

Seoladh an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa don Úcráin (SRCÚ) i mí Eanáir 2023. Forbraíodh an Scéim chun cabhrú le gnólachtaí a raibh tionchar ag méaduithe costais ag éirí as an gcoinbhleacht san Úcráin orthu. Cuireann an Scéim €1.2 billiún ar fáil in iasachtaí do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga chun críocha caipiteal oibre agus infheistíochta. Tá iasachtaí suas le €1 milliún ar fáil ó iasachtóirí rannpháirteacha, lena n-áirítear bainc, soláthraithe neamhbhainc agus comhair chreidmheasa. Is í Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) a riarann an Scéim agus tá sí ar fáil go dtí an 31 Nollaig 2024. Ba é an neamhchosaint uasta don Roinn maidir le hiasachtaí gan íoc amhail an 31 Nollaig 2023 don SRCÚ ná €82.96 (2022: Náid).

I gcás gach ceann de na Scéimeanna seo, íocann an Stát (an ráthóir) an ráthaíocht leis an iasachtóir rannpháirteach ar an iarmhéid príomhshuime neamhghnóthaithe ar iasacht i gcás go mainníonn iasachtaí ar aisíocaíochtaí.

Ba é an neamhchosaint uasta iomlán don Roinn maidir le gach iasacht gan íoc amhail an 31 Nollaig 2023 ná €363.81 milliún (2022: €410.44 milliún). Ceanglaítear ar ghnólachtaí a bhaineann leas as na Scéimeanna seo préimh bheag a íoc leis an Roinn. Íoctar éilimh i gcoinne na ráthaíochta le hiasachtóirí rannpháirteacha ó fho-cheannteideal A.9. Déantar íocaíochtaí le Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) chun an scéim a oibriú as an bhfo-cheannteideal seo freisin.

	2023	2021-2023
	€000	€000
Fáltais i ndáil le préimheanna a íocann FBManna	3,284	9,502
Aisghabháil ar iasachtaí mainneachtana	101	109
Caiteachas na scéime		
Riarachán na scéime	(2,877)	(8,813)
Éilimh íochta	(5,785)	(10,878)
Costas iomlán na scéimeanna	(8,662)	(19,691)
Glanchostras scéimeanna	<u>(5,277)</u>	<u>(10,080)</u>

Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí Éireann (LETÉ)

D'fhéadfadh go mbeadh dlíteanas ar an Roinn, i gcomhar leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Thomhaltóirí (CICT), maidir le costais áirithe a bhaineann le foirceannadh deonach an LETÉ. Is cuideachta phríobháideach faoi theorainn ráthaíochta é an LETÉ a corpraíodh i bhFeabhra 2003. Go bunúsach ghlac an LETÉ feidhmeanna a réamhtheachtaithe, an Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, agus rinne Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Thomhaltóirí a bhí ann ag an am (an CICT anois) é a chómhaoiniú as airgead a leithdháileadh i Vóta RFTF agus an Coimisiún Eorpach. Ainmníodh LETÉ freisin mar chomhlacht aitheanta chun críocha rialacháin áirithe de chuid an AE agus fuair sé méideanna measartha maoinithe ó Vóta RFTF maidir leis an aitheantas seo. Bhí ball foirne ag an Roinn freisin ag gníomhú mar Stiúrthóir ar an LETÉ.

Tá an LETÉ á dhíscaoileadh agus tá a chuid feidhmeanna á nglacadh ag an CICT. Ar mholadh ó stiúrthóirí an LETÉ agus le comhaontú na Roinne agus CICT, socraíodh gur cheart an LETÉ a dhíscaoileadh trí leachtú Deonach Comhaltaí (Sócmhainneach) chun a áirithiú go bhféadfaí na ceartha agus na hoibleagáidí atá ar fhoireann LETÉ a urramú go hiomlán. Gheall an Roinn agus an CICT tacaíocht a thabhairt don LETÉ tríd an bpróiseas deonach foirceanta. Baineann an dlíteanas teagmhasach le costais an phróisis foirceanta nach féidir a mheas go héasca ag an am seo.

Dlíteanais theagmhasacha eile

Tá Roinn bainteach le roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh, a d'fhéadfadh dlíteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá fiormhéid nó uainiú na ndlíteanas éiginnte.

2.14 Scéimeanna iasachta

Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí

Is iasacht infheistíochta caipitiúil fadtéarmaí í an Scéim um Iasachtaí Fáis sa Todhchaí (SIFT) a d'fhorbair an roinn seo agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais, Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI).

Bhain an SIFT leas as ráthaíocht ón Aontas Eorpach faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS).

Sheol CBSÉ an scéim i mí an Mheithimh 2019.

Cuireadh í ar fáil trí sholáthróirí airgeadais rannpháirteacha agus chuir sí suas le €300 milliún d'iasachtaí infheistíochta ar fáil d'Éireannaigh incháilithe ag FBManna, lena n-áirítear feirmeoirí agus iascairí, agus cuideachtaí meánchaipitilthe beaga. Bhí na hiasachtaí ar phraghas iomaíoch (uasráta úis iasachta tosaigh de 4.5% le haghaidh iasachtaí níos lú ná €250,000), bhí siad ar feadh téarmaí 7-10 mbliana agus thacaigh siad le hinfeistíocht fhadtéarmach straitéiseach i dtimpeallacht iar-Brexit. Cuireadh íosmhéid iasachta de €100,000 suas go huasmhéid de €3 milliún in aghaidh an iarratasóra i bhfeidhm.

Mar gheall ar thionchar airgeadais suntasach tobann na paidéime Covid-19 ar ghnóthaí, seoladh an dara tráinse de €500 milliún in 2020.

Ba é costas an €300 milliún tosaigh a bhí ar fáil ná €63 milliún, agus bhí €38 milliún de sin maoinithe ag an Roinn seo.

Ba é an costas méadaithe acmhainne ná €104 milliún, agus chuir an roinn seo €62 milliún de ar fáil.

Costas Díreach SIFT chuig RFTF

	2018 – 2022	2023	2024- 2030	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
céadchailteanas CEI	69,300	—	—	69,300
táillí bainistíochta CEI	2,431	—	—	2,431
céadchailteanas CBSÉ	19,528	—	—	19,528
táillí bainistíochta CBSÉ	8,732	—	—	8,732
Costas iomlán	99,991	—	—	99,991
Éilimh ar iasachtaí mainneachtana a íocadh*	29	259	401	689

*Cuireadh na héilimh a íocadh i bhfeidhm i gcoinne na n-íocaíochtaí céadchailteanais a rinneadh.

Anailís ar iasachtaí SIFT eisithe go dtí seo

Bliain eisiúint na hiasachta	2019 – 2022		2023	
	Líon na n-iasachtaí	Luach na n-iasachtaí €000	Líon na n-iasachtaí	Luach na n-iasachtaí €000
iasachtaí tarraingthe	1,910	523,706	7	7,719
iasachtaí aisíochta	157	60,588	—	—
iasachtaí mainneachtana	43	3,792	—	—
Éilimh íochta	28	1,008	—	—
iasachtaí Beo (méid aisíochta)	1,682	128,570	7	680
larmhéid gan íoc	1,682	329,748	7	7,039

Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta

Is iasacht infheistíochta fadtéarmach í an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaithe (SIFI), a seoladh i Meán Fómhair 2023, arna seachadadh ag CBSÉ a thugann ráthaíocht 80% d'iasachtóirí rannpháirteacha. Soláthraíonn Grúpa na mBanc Eorpach Infheistíochta (GBEI) frithráthaíocht do CBSÉ ionas gurb é an sciar riosca don scéim ná: 20% soláthraithe airgeadais, 16% CBSÉ agus 64% GBEI.

Dírítear 30% ar a laghad den mhéid iasachtaithe ar chríocha inbhuanaitheachta comhshaoil agus é mar aidhm aige cabhrú le FBManna infheistíochta a dhéanamh in inbhuanaitheacht agus in éifeachtúlacht fuinnimh. Tá an fuilleach (suas go dtí) 70% den iasacht le haghaidh iasachtaí le infheistíochtaí straitéiseacha d'fhonn táirgiúlacht agus iomaíochas a mhéadú agus mar sin bonn a chur faoi inbhuanaitheacht agus fás gnó amach anseo.

Roinntear na costais don SIFI idir an roinn seo agus an RTBM ar bhonn 60:40.

Is ionann na costais a bhainfidh leis an scéim €500 milliún agus thart ar €112 milliún, agus €67 milliún ar fáil curtha ar fáil ag an Roinn sin idir 2022 agus 2023. Clúdaíonn an maoiniú seo ráthaíocht chéad chailteanais (i.e. ráthaíonn an Stát go gclúdódh sé an chéad chuid de chailteanais ar aon mhainneachtain) agus costais riaracháin don CEI agus do CBSÉ araon.

Costas Díreach SIFI chuig RFTF

	2022 €000	2023 €000	2024-2036 €000
céadchailteanas CEI	41,000	6,300	—
táillí bainistíochta CEI	—	—	—
céadchailteanas CBSÉ	13,506	1,576	—
táillí bainistíochta CBSÉ	494	4,008	—
Costas iomlán	55,000	11,884	—

Anailís ar iasachtaí SIFI eisithe go dtí seo

Bliain eisiúint na hiasachta	2023	
	Líon na n-iasachtaí	Luach na n-iasachtaí €000
iasachtaí tarraingthe	17	1,750
iasachtaí aisíoctha	—	—
iasachtaí mainneachtana	—	—
Éilimh íoctha	—	—
iasachtaí Beo (méid aisíoctha)	17	3
Iarmhéid gan íoc	17	1,747

Nóta 3 Vóta Caiteachas

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

	Soláthar meastacháin		2023	2022
	€000	€000	Toradh €000	Toradh €000
i	Tuarastail, pá agus liúntais			
	<i>Bunmhéid</i>	40,618		
	<i>Forlíontach</i>	(3,400)		
			37,218	34,981
ii	Taisteal agus cothabháil		612	1,020
iii	Costais foghlama agus forbartha agus teagmhasacha		1,738	1,668
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		349	270
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF		4,830	5,152
vi	Costais áitreabh oifige		866	709
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais		1,454	1,206
viii	Acmhainní fógraíochta agus faisnéise		461	545
			47,528	48,237
				43,641

Athruithe suntasacha

Leagann an méid seo a leanas amach na cúiseanna atá leis na héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothabháil

Soláthar Meastacháin €612,000 milliún; toradh €1.020 milliún

Tharla an farasbarr de €408,000 ar thaisteal agus ar chothú mar gheall ar an gcostas breise a bhain le seirbhísí agus ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na Roinne ag líon méadaithe cruinnithe agus misin trádála AE agus idirnáisiúnta i rith na bliana.

Clár A Poist agus Forbairt Fiontraíochta

		Soláthar meastacháin		2023	2022
		€000	€000	Toradh €000	Toradh €000
A.1	Riarachán – pá				
	<i>Bunmhéid</i>	15,061			
	<i>Forlíontach</i>	(1,258)			
			13,803	14,025	12,889
A.2	Riarachán – neamhphá		3,402	3,734	2,554
A.3	Pinsin leagáide na Gníomhaireachta		40,170	40,054	40,283
A.4	Idir-Thrádáil Éireann		11,586	11,638	11,585
A.5	GFT Éireann				
	<i>Bunmhéid</i>	238,001			
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	30,500			
	<i>Forlíontach</i>	4,000			
			272,501	238,990	226,410
A.6	NSAI – deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta		10,334	10,334	8,015
A.7	Fiontraíocht Éireann				
	<i>Bunmhéid</i>	220,367			
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	24,000			
	<i>Forlíontach</i>	(35,840)			
			208,527	178,725	172,321
A.8	Forbairt fiontraíochta áitiúil				
	<i>Original</i>	47,797			
	<i>Supplementary</i>	2,330			
			50,127	49,050	39,081
A.9	Scéim Ráthaíochta Pháirtchreidmheasa Shealadach				
	<i>Bunmhéid</i>	5,000			
	<i>Forlíontach</i>	6,000			
			11,000	8,662	4,698
A.10	Maoiniú meaitseála do INTERREG				
	<i>Bunmhéid</i>	1,389			
	<i>Forlíontach</i>	1,400			
			2,789	2,675	2,640
A.11	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.		3,650	3,807	3,073
A.12	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta		201	70	1

		Soláthar meastacháin		2023	2022
		€000	€000	Toradh €000	Toradh €000
A.13	Costais dlí agus seirbhísí eile				
	<i>Bunmhéid</i>	130			
	<i>Forlíontach</i>	<u>1,500</u>			
			1,630	1,494	76
A.14	Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann				
	<i>Bunmhéid</i>	1			
	<i>Forlíontach</i>	<u>12,000</u>			
			12,001	11,891	55,709
A.15	Scéim um fhaoiseamh daonnúil				
	<i>Bunmhéid</i>	1			
	<i>Forlíontach</i>	<u>5,500</u>			
			5,501	3,681	105
A.16	Micrea-Airgeadas Éireann		1	—	—
A.17	An tIonad Náisiúnta Dearaidh		1	—	—
A.18	An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (TBESS)				
	<i>Bunmhéid</i>	649,130			
	<i>Forlíontach</i>	<u>(1,925)</u>			
			647,205	150,701	5,506
			1,294,429	729,531	584,946

Athruithe suntasacha

Leagann an méid seo a leanas amach na cúiseanna atá leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaitheamh na gclár neamh-riaracháin (+/- 5% agus €100,000).

A.5 GFT Éireann

Soláthar Meastacháin €268.501 milliún; toradh €238.99 milliún

Tharla an gannchaitheamh de €29.5 milliún go príomha mar gheall ar choigiltis de €33.5 milliún i gcaitheamh caipitil. D'eascair an gannchaitheamh caipitil ó mhaoiniú €6 milliún do dheontais nár tarraingíodh anuas mar a bhíodas ag súil leis agus €27.5 milliún de mhaoiniú do thionscadail tógála freisin nár tarraingíodh anuas mar thoradh ar shlabhra an tsoláthair agus dúshláin ghaolmhara as a dtáinig moill ar roinnt príomhthionscadail tógála agus bonneagair. Rinneadh an gannchaitheamh a fhritháireamh go páirteach ag róchaitheamh de €4 mhilliún sa chaiteachas reatha a leithdháileadh sa Mheastachán Forlíontach a d'fhaomh an Dáil i mí na Nollag 2023 chun freastal ar chostais a d'eascair as feidhmiú straitéis margaíochta an GFT.

A.7 Fiontraíocht Éireann

Soláthar Meastacháin €244.367 milliún; toradh €178.725 milliún

Tharla an gannchaitheamh de €65.642 milliún go príomha mar gheall ar choigilteas i gcaiteachas caipitil. Tharla an coigilteas caipitil mar gheall ar ghníomhaíocht níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis ar roinnt clár de chuid FÉ, lena n-áirítear Clár Síil agus Fiontair FÉ a tharla de bharr laghdú foriomlán ar ghníomhaíocht an mhargaidh síolta agus fiontair. Ina theannta sin, bhí tacaíochtaí airgeadais caipitil don tionsclaíocht níos lú ná mar a tuaradh mar thoradh ar tharraingt anuas níos moille ná mar a ceapadh ar thacaíochtaí fostaíochta, oiliúna agus sócmhainní seasta. Ba lú freisin an tarraingt anuas ar thacaíochtaí scoite Aeráide agus Aistrithe Digiteachúcháin FÉ ná mar a bhíodhas ag súil leis. Chuir moilleanna ar chláir réigiúnacha scoite a sheoladh, mar an Tionscnamh um Fhiontar Réigiúnach Cliste, leis an ngannchaitheamh caipitil freisin.

A.9 Scéim Ráthaíochta Pháirtchreidmheasa Shealadach

Soláthar Meastacháin €5 milliún; toradh €8.662 milliún

Tharla an róchaitheamh de €3.662 milliún de bharr líon na n-éileamh i gcoinne na scéimeanna ráthaíochta creidmheasa éagsúla a bheith níos mó ná mar a tuaradh. Tá an maoiniú a leithdháiltear ar an Scéim um Ráthaíocht Páirtchreidmheasa Shealadach chun an costas a bhaineann le ráthaíocht a sholáthar i leith scéimeanna iasachta faoin Acht um Ráthaíocht Creidmheasa 2012 a chlúdach. Is iad na scéimeanna a oibríonn faoin Acht seo ná an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa, an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 agus Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine.

Baineann an costas a bhaineann le ráthaíochtaí a sholáthar faoin Acht go príomha le héilimh le soláthraithe airgeadais a íoc i leith iasachtaí mainneachtana arna gclúdach ag an ráthaíocht agus costais riaracháin Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) a riarann na Scéimeanna Ráthaíochta thar ceann na Roinne chomh maith le costais eile a bhaineann le comhairle dlí agus seirbhísí dlí. Den €8.66 milliún a caitheadh ar an Scéim Ráthaíochta Páirtchreidmheasa Shealadach in 2023, bhain €5.78 milliún le soláthraithe airgeadais maidir le hiasachtaí mainneachtana agus bhain €2.88 milliún le costais riaracháin chuig CBSÉ in 2023.

Is é fírinne an scéil i scéimeanna ráthaíochta gur féidir le líon na n-éileamh ar an ráthaíocht a athrú ó bhliain go bliain ag brath ar rátaí mainneachtana iasachta. Mar a tharla, bhí líon na n-éileamh i gcoinne na scéimeanna ráthaíochta in 2023 níos airde ná mar a ceapadh.

A.10 Maoiníú meaitseála do INTERREG

Soláthar Meastacháin €1.389 milliún; toradh €2.675 milliún

Tharla an farasbarr de €1.286 milliún mar gheall ar an gcostas breise a bhain le gealltanais le hóc faoin gClár INTERREG VA a chomhlíonadh. Bhí an Clár VA ar cheann de 60 clár trasteorann a bhí ag feidhmiú faoi phríomhbhrat INTERREG. Bhí an clár ar siúl thar roinnt blianta agus chuimsigh sé na sé chontae teorann in Éirinn, Tuaisceart Éireann agus cuid d'Iarthar na hAlban. Rinne an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta cómhaoiniú ar an tsraith 'Taighde agus Nuálaíocht' den Chlár i gcomhar lena Roinn eile i dTuaisceart Éireann. Ba é gealltanais na Roinne maoiniú iomlán de €20.816 milliún a sholáthar thar shaolré an Chláir. Bhí an €2.675 milliún a soláthraíodh don Chlár in 2023 ag teastáil chun freastal ar na gealltanais go léir faoin gclár VA. Tá deireadh leis an gclár anois agus cuirfear a chomharba, an Clár PEACEPLUS, ina áit.

A.12 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

Soláthar Meastacháin €201,000 milliún; toradh €70,000

Baineann an gannchaitheamh de €131,000 le coigilteas a d'eascair as cealú an Chomh-Choimisiúin Eacnamaíochta leis an gCóiré Theas. Ar dtús bhí sé beartaithe seisiún iomlánach de Chomh-Choimisiún Eacnamaíoch na hÉireann/na Cóiré Theas a reáchtáil i mí Feabhra 2020 ach b'éigean é a chur ar ceal mar gheall ar imní sláinte agus sábháilteachta a d'eascair as scaipeadh domhanda COVID-19. I mí Iúil 2023 rinneadh cinneadh Seachtain na Mísín Trádála, atá mar chuid den Straitéis Trádála agus Infheistíochta, a thionól sa Chóiré agus measadh go raibh sé loighciúil é seo a chomhcheangal le Comh-Choimisiún Eacnamaíoch sa Chóiré Theas. Laghdaigh sé seo go mór na costais a tabhaíodh de réir mar a roinneadh costais ghaolmhara i measc roinnt Ranna.

A.13 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar Meastacháin €130,000 milliún; toradh €1.494 milliún

Bainistíocht vóta stuama is ea é leibhéal áirithe cistithe theagmhasaigh a chur ar fáil maidir le hábhair dlíthiúla agus eile a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás go dtagann costais gan choinne chun cinn i rith na bliana. Mar a tharla, bhí leibhéal an chaiteachais theagmhasach níos airde ná mar a measadh mar gheall ar oibleagáid na Roinne freastal ar chostais dlí a eascraíonn as cás a tógadh i ndáil le bunreachtúlacht forálacha áirithe de Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála AE-Ceanada, ar a dtugtar CETA. Tar éis achomhairc ón Ard-Chúirt, chinn an Chúirt Uachtarach i gcinneadh tromlaigh gur chuir Bunreacht na hÉireann cosc ar an Rialtas agus ar Dháil Éireann CETA a dhaingniú de réir mar a sheas dlí na hÉireann ach go bhféadfadh an tOireachtas é a dhaingniú dá ndéanfaí athruithe áirithe ar an reachtaíocht intíre. Agus an Chúirt Uachtarach tar éis rialú a dhéanamh i bhfabhar an pháirtí freasúrach, bhí ar an Roinn a gcuid costas a íoc de réir na ngnáthnós dlí. Tar éis idirbheartaíochta arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát thar ceann na Roinne, comhaontaíodh costais de €1.476 milliún agus íocadh iad leis an bpáirtí freasúrach. Bhí an €18,000 eile ag teastáil chun freastal ar theagmhais bheaga i roinnt réimsí eile.

A.14 Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann

Soláthar Meastacháin €1,000 milliún; toradh: €11.891 milliún

Baineann an farasbarr de €11.89 milliún le maoiniú a theastaíonn chun oibleagáidí na Roinne a chomhlíonadh faoin Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaithe (SIFI). Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Iasachta um Fhás sa Toghchán (SIFT) a bhí ann roimhe seo, seoladh an SIFI i Meán Fómhair 2023 mar chomharba ar mhaoiniú fadtéarmach a sholáthar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

Tá seasca faoin gcéad de chostas an SIFI maoinithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an daichead faoin gcéad eile maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Soláthraíodh €55 milliún de mhaoiniú trí Vóta na Roinne in 2022 mar íocaíocht tosaigh ar an ngealltanais seo. An €11.891 milliún deiridh á íoc in 2023.

Chlúdaigh íocaíocht an mhaoinithe seo costais riaracháin agus bhainistíochta Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) agus Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (GBEI) chomh maith le costais chéadchailteanais a bhaineann le mainneachtainí iasachta a chlúdach mar atá samhaltaithe don Scéim Fáis agus Inbhuanaitheachta (SIFI).

A.15 Scéim um fhaoiseamh daonnúil

Soláthar Meastacháin €1,000 milliún; toradh €3.681 milliún

Scéim ad hoc is ea an Scéim um Fhaoiseamh Daonnúil chun cúnamh a chur ar fáil i gcúinsí sainithe do chomhlachtaí beaga agus eagraíochtaí pobail agus deonacha ar fud na tíre a ndearna eachtraí tuilte dochar dóibh. Cuireann an scéim rannfocaíocht ar fáil i dtreo na gcostas a bhaineann le háitreabh gnó agus comhlachtaí pobail, deonacha agus spóirt a athchóiriú go dtí an bhail ina raibh siad roimh na tuilte, lena n-áirítear urlárlach, daingneáin agus feistis agus stoc nua a chur in ionad na gceann a bhfuil damáiste déanta dóibh. Is í Cros Dhearg na hÉireann an riarann an scéim thar cheann na Roinne. Léiríonn an leithdháileadh ainmniúil de €1,000 an éiginnteacht a bhaineann le heachtraí éigeandála a thuar. De réir mar a tháinig sé chun solais, tharla roinnt teagmhais tuilte le linn 2023 a raibh gá le bunú roinnt scéimeanna faoisimh dhaonnúil ad hoc.

A.18 An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthai (TBESS)

Soláthar Meastacháin €649.130 milliún; toradh €150.701 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €498.429 milliún mar gheall ar roinnt tosca, go príomha go raibh an glacadh leis an Scéim Tacaíochta Fuinnimh do Ghnó Sealadach (STFGS) níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis. Dearadh an STFGS, a tugadh isteach tar éis achtú an Achta Airgeadais i mí na Nollag 2022, chun tacú le gnólachtaí a bhfuil tionchar ag méaduithe ar a gcostais leictreachais nó gáis nádúrtha (fuinneamh). Cuireadh de fhreagracht ar na Coimisinéirí ioncaim iarratais faoin Scéim a riaradh, ach cuireadh an cistiú chun tacú leis an scéim ar fáil ó Vóta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Bhí an soláthar de €1.3 billiún chun costas na scéime a chlúdach, ar leithdháileadh €650 milliún de i Meastachán 2022 agus €649.13 milliún i Meastachán 2023, bunaithe ar chásanna/meastacháin dóchúla arna ullmhú mar chuid de Bhuiséad 2023 agus bhí siad ag brath ar an gcás ba mheasa a raibh súil leis maidir le harduithe i bpraghsanna mórdhíola fuinnimh agus tomhaltas. Ba é firinne an scéil nár tharla an cás ba mheasa i dtéarmaí praghsála fuinnimh mar gheall ar roinnt tosca ar nós geimhreadh níos séimhe ná mar a bhíodhas ag súil leis a laghdaigh éileamh, chomh maith le bearta maolaithe a cuireadh i bhfeidhm ar fud na hEorpa lena n-áirítear toilleadh stórála méadaithe don ghás nádúrtha. Mar thoradh air sin, thit praghsanna i ndáiríre seachas leanúint ar aghaidh ag ardú mar a bhíodhas ag súil leis.

Rinne an Roinn Airgeadais, mar a éilíonn téarmaí an Achta Airgeadais, roinnt measúnuithe ar an Scéim. Ag leanúint ar aghaidh ó na measúnuithe seo, feabhsaíodh agus leathnaíodh an Scéim STFGS chun deis a thabhairt do ghnólachtaí leas a bhaint as an scéim. In ainneoin na bhfeabhsuithe sin, níor caitheadh ach €150.701 milliún faoin Scéim in 2023. Bhí an bhunscéim STFGS arna riar ag na Coimisinéirí Ioncaim dírithe ar thacú le gnólachtaí a d'úsáid leictreachas agus gás nádúrtha mar phríomhfhoinsí fuinnimh. D'aontaigh an Rialtas gur cheart scéim scoite a fhorbairt chun tacú le gnólachtaí a d'úsáid ceirisín mar phríomhfhoinsí fuinnimh. Chuir an Scéim Tacaíochta d'Úsáideoirí Gnó le

haghaidh Ceirisín (STÚGC), a cuireadh i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2023, tacaíochtaí spriocdhírthe ar fáil do ghnólachtaí chun leath de chostas méadaithe ceirisín a ceannaíodh sa tréimhse incháilithe ó Mhárta go Nollaig 2022 a aisíoc, i gcomparáid leis an meánphraghas miondíola le linn na tréimhse tagartha ó Mhárta go Nollaig 2021. Ba é costas measta na n-íocaíochtaí a bhí le déanamh faoin scéim ná idir €3.3 milliún agus €16.5 milliún. Leithdháileadh na cistí seo ó airgead STFGS nár caitheadh. Rinneadh 461 iarratas ar éirigh leo faoin scéim, rud a bhí i bhfad níos lú ná an líon a measadh a ghlacfaidh an scéim leis an Roinn agus dá bharr sin b'ionann an caiteachas iomlán faoin STÚGC in 2023 agus €1.345 milliún. Mar a tharla i gcás STFGS bhí roinnt cúiseanna go raibh caiteachas faoin STÚGC níos lú ná mar a ceapadh. Áiríodh leis na cúiseanna seo

- go raibh an tréimhse do ghnólachtaí ag déanamh iarratais ar thacaíocht STÚGC sách gearr i.e dhá mhí,
- gur íocaíocht chúlghabhálach a bhí sa scéim ar chostais mhéadaithe a tharla in 2022 a bhí ar fáil do ghnólachtaí go déanach in 2023, ag pointe nuair a bhí na costais mhéadaithe iompartha. Bhí praghsanna ceirisín tar éis filleadh ar leibhéal níos gnách ó Eanáir 2023
- chiallaigh cineál siarghabhálach na scéime nár choinnigh roinnt iarratasóirí ionchasacha sonraisc nó doiciméid tacaíochta eile chun gur féidir iarratais a chomhlánú.

Clár B Nuálaíocht

		2023		2022
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá			
	<i>Bunmhéid</i>	9,736		
	<i>Forlíontach</i>	(816)		
			8,920	9,116
B.2	Riarachán – neamhphá		2,784	2,841
B.3	Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann		3,589	3,443
B.4	Clár		158,109	142,199
	Eolaíochta agus Teicneolaíochta			
B.5	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.			
	<i>Bunmhéid</i>	23,351		
	<i>Forlíontach</i>	8,000		
			31,351	31,379
B.6	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta		1	1
B.7	Costais dlí agus seirbhísí eile			
	<i>Bunmhéid</i>	130		
	<i>Forlíontach</i>	1		
			131	179
B.8	Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha		61,000	35,128
			265,885	224,286
				200,612

Athruithe suntasacha

Leagann an méid seo a leanas amach na cúiseanna atá leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaitheamh na gclár neamh-riaracháin (+/- 5% agus €100,000).

B.4 Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta

Soláthar Meastacháin €158.109 milliún; toradh €142.199 milliún

Tháinig an gannchaitheamh de €15.91 milliún chun cinn mar thoradh ar choigilteas ar roinnt clár caipitil. D'eascair an coigilteas go príomha mar gheall ar éileamh níos lú ná mar a bhíodas ag súil leis ar roinnt clár nuálaíochta, taighde, comhoibrithe agus tosaithe ardfeidhmíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann chomh maith leis an moill a tharla in oibriú cláir ar leith de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

B.5 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.

Soláthar Meastacháin €23.351 milliún; toradh €31.379 milliún

D'eascair an farasbarr de €8.028 milliún mar thoradh ar mhaoiniú breise a cuireadh ar fáil do Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (GES) tríd an meastachán forlíontach a d'fhaomh an Dáil i mí na Nollag 2023. Chinntigh an maoiniú breise a cuireadh ar fáil do GES go bhféadfadh cuideachtaí Éireannacha níos mó conarthaí nua a bhaint amach ar luach ar cóimhéid leis an nGníomhaireacht agus chabhraigh sé freisin le spriocanna do chonarthaí GES sa Straitéis Náisiúnta Spáis a bhaint amach, chomh maith le cuidiú le maoiniú gníomhaíochtaí atá inaitheanta láithreach nach bhféadfadh cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn dul san iomaíocht lena n-aghaidh gan maoiniú dá leithéid.

B.8 Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha

Soláthar Meastacháin €61 milliún; toradh €35.128 milliún

Tá an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (CNTB) ar cheann de na ceithre chiste príomhsprice faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN). Faoin PFN, tá €500 milliún de chistiú san iomlán geallta chun tacú le nuálaíocht bhunathraitheach chomhoibríoch agus le tionscadail atá dírithe ar thráchtáil thar shaolré an Phlean. Is é cuspóir Chlár CNTB tionscadail chomhoibríocha a mhaoiniú maidir le teicneolaíochtaí nuálacha suaiteacha a fhorbairt agus a imscaradh ar bhonn tráchtála, atá dírithe ar dhul i ngleic le dúshláin náisiúnta agus domhanda.

Go dtí seo bhí sé éileamh faoin gClár CNTB. Tharla an gannchaitheamh de €25.872 milliún mar gheall ar roinnt tosca, a bhain go príomha le héilimh ó chuibhreannais tionscadal a faomhadh do mhaoiniú CNTB a bheith curtha isteach beagán níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis. Ina theannta sin, áiríodh le tosca eile a raibh tionchar acu ar tharraingt anuas an mhaoinithe, cealú roinnt tionscadal ceadaithe, deonú aon síntí costais mar gheall ar thionchar srianta Covid-19 agus an ceanglas faoi rialacha státchabhrach tabhairt faoi mheasúnuithe deacrachta a chur i gcrích.

Clár C Rialachán

		Soláthar meastacháin		2023	2022
		€000	€000	Toradh	Toradh
				€000	€000
C.1	Riarachán – pá				
	<i>Bunmhéid</i>	15,821			
	<i>Forlíontach</i>	(1,326)			
			14,495	14,526	13,663
C.2	Riarachán – neamhphá		4,124	3,995	3,732
C.3	An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre		21,447	20,695	19,737
C.4	Deontais le haghaidh seirbhísí oideachais agus comhairleacha ceardchumann – airgead tirim teoranta		900	900	853
C.5	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta – deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta				
	<i>Bunmhéid</i>	27,359			
	<i>Forlíontach</i>	1,550			
			28,909	28,909	24,671
C.6	Cónascadh ceardchumann		60	—	—
C.7	An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach				
	<i>Bunmhéid</i>	9,706			
	<i>Forlíontach</i>	(1,540)			
			8,166	7,235	5,175
C.8	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Thomhaltóirí				
	<i>Bunmhéid</i>	20,315			
	<i>Forlíontach</i>	700			
			21,015	20,425	18,158
C.9	An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta		487	311	2,526
C.10	Tacaíocht do thomhaltóirí		120	—	64
C.11	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Cláraitheoir na gCara-Chumann – deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta				
	<i>Bunmhéid</i>	8,424			
	<i>Forlíontach</i>	(700)			
			7,724	7,639	7,200

C.12	Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann	1,701	1,318	1,232
C.13	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.	1,569	1,650	1,318
C.14	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta	320	221	220
C.15	Costais dlí agus seirbhísí eile			
	<i>Bunmhéid</i>	928		
	<i>Forlíontach</i>	425		
		1,353	1,192	271
C.16	An Coimisiún um Pá Íseal	510	240	296
C.17	Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha	2,700	2,700	—
		115,600	111,956	99,116

Athruithe suntasacha

Leagann an méid seo a leanas amach na cúiseanna atá leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaitheamh na gclár neamh-riaracháin (+/- 5% agus €100,000).

C.5 An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta – deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta

Soláthar Meastacháin €27.359 milliún; toradh €28.909 milliún

Tharla an farasbarr de €1.55 milliún go príomha mar gheall ar mhaoiniú méadaithe a bhí ag teastáil chun freastal ar an gcostas neamhghnách a thabhaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) san imscrúdú reachtúil ar eachtra sábháilteachta ar leith san ionad oibre. D'éiligh an t-imscrúdú, a thosaigh go déanach in 2022 agus a tugadh chun críche i mí an Mheithimh 2023, ar an Údarás coimeádáin shaincheaptha a fháil chun ábhar fianaise a dhaingniú. D'oibrigh an ÚSS leis an nGarda Síochána, agus le roinnt comhlachtaí poiblí eile ar an imscrúdú. Bhí an t-imscrúdú an-mhionsonraithe agus an-chasta agus bhí gá le scartáil fhóiréinseach ar láthair an teagmhais chun tacú le fianaise a aisghabháil, a dhaingniú agus a stóráil.

C.7 An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Soláthar Meastacháin €9.706 milliún; toradh €7.235 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €2.471 milliún comhdhéanta de choigilteas pá de €1 milliún agus coigilteas neamhphá de €1.471 milliún.

D'eascair an coigilteas pá go príomha mar gheall ar dheacrachtaí maidir le baill foirne a earcú, go háirithe baill foirne speisialaithe, i margadh saothair rite chomh maith le roinnt athruithe foirne le linn na bliana. Maidir le neamhphá, baineann an coigilteas leis an bhfíric go raibh costais dlí na bliana beagán níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis. Is deacair costais dhlíthiúla an ÚFC a thuar mar níl mórán smacht aige, nó níl smacht ar bith aige, ar an am a bhféadfar cásanna a chinneadh, ar thoradh na gcásanna i dtéarmaí orduithe costais, agus ar an deacracht a bhaineann le scála na gcostas a d'fhéadfaí a dhámhachtain a réamh-mheas.

C.9 An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Soláthar Meastacháin €487,000 milliún; toradh €311,000

Tá an maoiniú a chuirtear ar fáil don Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta chun an Bhoird chur ar chumas a chuid oibleagáidí pinsin a chomhlíonadh. Bhí an gannchaitheamh de €176,000 go príomha mar gheall ar scor a chur siar.

C.10 Tacaíocht do thomhaltóirí

Soláthar Meastacháin €120,000 milliún; toradh €nialas

Rinneadh an leithdháileadh do thacaíocht tomhaltóirí chun tionscadail oiriúnacha um chosaint agus leas tomhaltóirí a mhaoiniú. Bhí sé beartaithe ar dtús maoiniú a chur ar fáil don Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí Éireann chun tabhairt faoi thionscadail dá leithéid. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh, chinn an Roinn an maoiniú do thionscadail tomhaltóirí a chomhdhlúthú tríd an leithdháileadh a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Thomhaltóirí. Mar sin ní raibh aon tarraingt anuas ar an leithdháileadh tacaíochta do thomhaltóirí scoite.

C.11 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Cláraitheoir na gCarachumann

Soláthar Meastacháin €8.424 milliún; toradh €7.639 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €785,000 comhdhéanta de choigilteas pá de €172,000 agus coigilteas neamhphá de €613,000. I dtéarmaí pá, tháinig an coigilteas chun cinn ar roinnt cúiseanna lena n-áirítear deacrachtaí maidir le folúntais foirne a líonadh i margadh saothair docht, roinnt daoine ar scor agus baill foirne ag baint leasa as socrúithe solúbtha oibre.

D'eascair an coigilteas neamhphá go príomha mar gheall ar mhoilleanna maidir le roinnt tionscadal a bhain le TF a chur i gcrích. D'eascair coigilteas freisin mar gheall ar ghníomhaíocht forfheidhmithe a bheith ag tosú arís in 2023 tar éis é a chur ar fionraí le linn na paindéime chomh maith le héifeachtúlachtaí a baineadh amach trí phróiseáil leictreonach a thabhairt isteach agus aighneachtaí a sheoladh ar ais.

C.12 Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Soláthar Meastacháin €1.701 milliún; toradh €1.318 milliún

D'eascair an gannchaitheamh de €383,000 go príomha as coigilteas ar chostais taistil agus chothaithe agus riaracháin a d'eascair as an aistriú go cianobair. Baineadh coigilteas breise amach i gcostais chomhairleoireachta agus dlí agus i seirbhísí eile.

C.15 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar Meastacháin €928,000 milliún; toradh €1.192 milliún

Bainistíocht vóta stuama is ea é leibhéal áirithe cistithe theagmhasaigh a chur ar fáil maidir le hábhair dlíthiúla agus eile dá leithéid a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás go dtagann costais gan choinne chun cinn i rith na bliana. Mar a tharla, bhí an leibhéal an chaiteachais níos airde ná mar a measadh mar gheall ar oibleagáid na Roinne freastal ar chostais a d'eascair as roinnt cásanna dlí.

Bhain ceann de na príomhchúiseanna leis an róchaitheamh de €264,000 le dúshlán a tógadh i ndáil le bunreachtúlacht forálacha áirithe den reachtaíocht a bhunaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO). Éisteadh an cás ar dtús os comhair na hArd-Chúirte agus rinneadh achomharc ina dhiaidh sin chuig an gCúirt Uachtarach. Cé gur chinn an Chúirt Uachtarach nach raibh forálacha na reachtaíochta ag teacht salach ar an mbunreacht, bhí sí den tuairim go raibh an dúshlán chun leas an phobail agus bronnadh costais dlí ar an achomharcóir. Rinne an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát bainistiú ar an gcaibidlíocht maidir leis na costais dlí thar ceann an CCÁO agus comhaontaíodh costais iomlána de €997,000 i leith caingne na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí.

I measc na gcásanna eile ba chúis leis an róchaitheamh, bhí imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh maidir le cead dlíthiúil a dheonú, agóidí in aghaidh meicníochtaí socraithe pá na Cúirte Oibreachais.

C.16 An Coimisiún um Pá Íseal

Soláthar Meastacháin €510,000 milliún; toradh €240,000

Tharla an gannchaitheamh de €270,000 go príomha mar thoradh ar choigilteas pá de €169,000 agus neamhphá de €101,000.

Ó thaobh pá de, d'eascair an coigilteas toisc nach raibh costas pá cuid d'fhoireann rúnaíochta an Choimisiúin um Pá Íseal (CPÍ) cionroinnte go hiomlán ar fho-cheannteideal an CPÍ ach go raibh siad san fho-cheannteideal pá riaracháin. Maidir le neamhphá, d'eascair an gannchaitheamh mar gheall ar mhoill ar thionscadail taighde agus caiteachas ar fhógraíocht níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis.

Nóta 4 Admhálacha

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair

		2023		2022
		Meastachán	Bainte amach	Bainte amach
		€000	€000	€000
Ceartha fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch				
1	Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh	75	204	136
2	Táillí ceada fostaíochta	26,000	27,051	27,671
3	Ceadúnais ghníomhaireachtaí fostaíochta	400	534	486
4	Fógraí pionós seasta CCÁO	22	2	2
5	Costais dámhachtana cúirte CCÁO	20	40	59
Árachas agus Díl na gCuideachtaí				
6	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	16,250	18,691	17,389
7	Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar Chumainn Tionscail agus Choigiltis	200	378	406
Trádáil, iomaíochas agus ceartha margaidh				
8	Fáltais faoin Acht Trádmharcanna 1963 agus faoi Acht na bPaitinní 1964	10,000	10,220	10,338
9	Ceadúnais trádála ócáideacha	1	—	—
10	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – creidmheas tomhaltóirí	501	546	542
11	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – costais chúirte	1	—	1
12	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – fógraí íocaíocht sheasta	6	12	1
13	Fógraí cumaisc	550	528	608
Eile				
14	ÚFC dlíthiúil	50	490	12
15	Ilghnéitheach	200	1,054	577
16	Beartas fiontraíochta ^a	6,405	4,534	8,570
17	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ^b	1,565	1,389	971
18	Aoisliúntas PIAB	1,168	1,245	1,203
19	Aoisliúntas HSA	650	646	650

		2023		2022
		Meastachán	Bainte amach	Bainte amach
		€000	€000	€000
20	Scéim Rátháíochta Iasachtaí Sealadacha	1,400	3,385	2,164
21	Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháin	557	498	481
22	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise maidir le luach saothair na seirbhíse poiblí	5,900	7,184	6,310
	Iomlán	71,921	78,631	78,577

- Nóta
- ^a Léirítear sa bheartas fiontraíochta na suimeanna a fuarthas ó ghníomhaireachtaí reatha fiontraíochta agus iarghníomhaireachtaí fiontraíochta i dtaca le ranníocaíochta pinsin foirne agus aisíocaíocht INTERREG-ERDF. Is iad na gníomhaireachtaí sin ná Idir-Thrádáil Éireann, GFT, FÉ agus an iarghníomhaireacht Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionainne (SFADCo).
- ^b Tá fáltais faoin líne seo mar pháirt-chúiteamh ar an gcaiteachas faoi fhocheanteideal C.8.

Athruithe suntasacha

Bhí na leithreasaí-i-gcabhair foriomlána €6.71 milliún níos airde ná an meastachán. Tá na mínithe ar athraithe (+/- 5% agus €100,000) leagtha amach thíos.

1 Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh

Meastachán €75,000; bainte amach €204,000

Tá na costais a thabhaíonn comhlachtaí cearta fostaíochta na Roinne agus iad ag próiseáil éileamh ar chearta fostaíochta, lena n-áirítear éilimh faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta, in-aisíochta ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS). Tháinig an t-airgead breise a fuarthas ar ais ón CÁS mar gheall ar mhéadú suntasach ar líon na n-éileamh den sórt sin a próiseáladh in 2023.

3 Ceadúnais ghníomhaireachtaí fostaíochta

Meastachán €400,000; bainte amach €534,000

Ní mór ceadúnais ghníomhaireachtaí fostaíochta a athnuachan gach bliain. Is deacair líon na gceadúnas nua a thuar. Ba é ba chúis leis an mbarrachas ar tháillí ceadúnais ná go raibh líon na gceadúnas a eisíodh in 2023 níos airde ná mar a bhíodas ag súil leis.

6 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Meastachán €16.250 milliún; bainte amach €18.691 milliún

Tá na táillí a ghineann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag brath ar ghníomhaíocht agus ar thráthúlacht na dtuairisceán a thugann cuideachtaí ag féachaint dá n-oibleagáidí reachtúla agus, mar sin, is féidir a bheith deacair a thuar go cruinn. Ba é an barrachas ar tháillí a réadaíodh in 2023 de €2.441 milliún ba chúis go príomha le méadú suntasach ar tháillí íocaíochta déanacha.

7 Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar Chumann Tionscail agus Choigiltis*Meastachán €200,000; bainte amach €378,000*

Ceanglaíonn an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2021 ar institiúidí airgeadais agus comhlachtaí forordaithe eile, Clár na nÚinéirí Tairbhiúla a imscrúdú mar chuid dá n-oibleagáidí díchill chuí. Bhí an farasbarr i dtáill de €178,000 i bpáirt mar gheall ar bhreithe cuntais custaiméara níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis le haghaidh fiosrúcháin Chlár na nÚinéirí Tairbheacha agus costais a dámhadh ag an gcúirt.

14 ÚFC dlíthiúil*Meastachán €50,000; bainte amach €490,000*

Baineann na fáltais bharrachais de €440,000 le hairgead a fuarthas ar ais ag éirí as ceapadh cigirí i ndáil le himscrúdú reachtúil ar leith chomh maith le costais a fuarthas ar ais in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a rinneadh maidir leis an imscrúdú.

15 Ilghnéitheach*Meastachán €200,000; bainte amach €1.054 milliún*

Baineann an farasbarr de €854,000 in fháltais ilghnéitheacha go príomha le hairgead a fuarthas ó Chiste na gCuntas Díomhaoin maidir le caiteachas a tabhaíodh ar an tionscnamh Comhardaithe le haghaidh Gnó Níos Fearr, mar aon le cistí breise a fuair Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann ag éirí as a rannpháirtíocht i roinnt gníomhaíochtaí agus cláir chomhoibrithe de chuid na hOifige Eorpaí um Maoin Intleachtúil.

16 Beartas fiontraíochta*Meastachán €6.405 milliún; bainte amach €4.534 milliún*

Is de bharr moille ar phróiseáil éileamh caiteachais a bhaineann leis an gClár INTERREG VA go príomha an t-easnamh fáltais de €1.871 milliún. Déanann Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) na héilimh maidir le haisíoc caiteachais INTERREG ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a bhainistiú. Deimhníonn an CCSAE gach éileamh den sórt sin. Is féidir leis an bpróiseas deimhnithe a bheith faoi réir ag moilleanna a fhágann go mbíonn sé deacair fáltais a thuar go cruinn.

17. An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí*Meastachán €1.565 milliún; bainte amach €1.389 milliún*

Tagann na fáltais sa réimse seo ó tháill a ghearr an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ar chomhlachtaí rialáilte chun íoc as feidhmeanna rialála áirithe a dhéanann sé. Is cuid d'fhorchúiteamh caiteachais a tabhaíodh faoi fho-cheannteideal C.8 iad na táill a fuair an Coimisiún ó na comhlachtaí atá i gceist. Ba mar gheall go príomha ar choigiltis a d'eascair as deacrachtaí a bhain le foireann a earcú i dtimpeallacht mhargaidh saothair dhian go raibh gannchaitheamh de €176,000 milliún ann.

20 Scéim Ráthaíochta Iasachtaí Sealadacha

Meastachán €1.4 milliún; bainte amach €3.385 milliún

Cuireann scéimeanna atá ag feidhmiú faoin Acht um Ráthaíocht Creidmheasa 2012, lena n-áirítear an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19 agus Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine, ráthaíocht le tacaíocht ón stát ar fáil d'iasachtaí faoi na scéimeanna.

Éilíonn creat na scéimeanna go n-íoctar préimh ar iasachtaí a chuirtear ar fáil le ráthaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón Stát. Tá na préimheanna a fhaightear bunaithe ar líon na n-iasachtaí, méid an chomhlachta agus fad na n-iasachtaí. Bhí na préimheanna a fuarthas in 2023 €1.985 milliún níos airde ná mar a bhíodas ag súil leis mar gheall ar chineál éilimh na scéimeanna seo

22 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise maidir le luach saothair na seirbhíse poiblí

Meastachán €5.9 milliún; bainte amach €7.184 milliún

Tháinig an farasbarr de €1.284 milliún ó thaobh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise chun cinn mar thoradh ar mhéadú ar líon na mball foirne a earcaíodh i gcaitheamh 2023.

4.2 Fáltais bhreise is iníochta leis an Státchiste

	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	—	—
Oifigí Fiontair Áitiúla – reatha ^a	18	12
Oifigí Fiontair Áitiúla – caipiteal ^b	—	44
Oifigí Fiontair Áitiúla – cúnamh in-aisíochta ^c	14,032	—
Fiontraíocht Éireann - barrachas ioncaim acmhainní féin ^d	20,057	1,567
Fiontraíocht Éireann - deontas Atosaigh neamhúsáidte a thabhairt ar ais ^e	19	10
Ilgheitheach	—	21
Aistrithe chuig an Státchiste	(34,126)	(1,654)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	—	—

- Nóta
- ^a Oifigí Fiontair Áitiúla – reatha: baineann sé seo le cistí nár úsáideadh i bhfo-cheannteideal A.8 le haghaidh caiteachais oibriúcháin.
- ^b Oifigí Fiontair Áitiúla – caipiteal: baineann sé seo le cistí nár úsáideadh i bhfo-cheannteideal A.8 do chlár chaipitil ar leith.
- ^c Oifigí Fiontair Áitiúla – cúnamh inaisíochta: baineann sé seo le hiarmhéideanna cúnamh inaisíochta ó 28 Oifigí Fiontair Áitiúil chuig Fiontraíocht Éireann.
- ^d Fiontraíocht Éireann - barrachas ioncaim acmhainní féin: baineann sé seo leis an ioncam acmhainní féin a ghnóthaigh Fiontraíocht Éireann a bhí níos mó ná an méid a cheadaigh RCPSPA dá n-úsáid féin sa bhliain.
- ^e Fiontraíocht Éireann – deontais Atosaithe nár úsáideadh a tugadh ar ais: De réir téarmaí na Scéime Atosaithe, b'éigean gach ciste nár úsáideadh a thabhairt ar ais go dtí an Státchiste. Riar údarás áitiúla an scéim i gcomhar le Fiontraíocht Éireann. Is ionann an €19,000 agus na deontais nár úsáideadh a thug údarás áitiúla ar ais chuig Fiontraíocht Éireann, agus thug Fiontraíocht Éireann iad ar ais go dtí an Státchiste.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2023	2022
Líon na foirne ag deireadh na bliana		
An Roinn agus na hOifigí:		
Roinn ^a	599	569
Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	41	43
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	196	206
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	109	117
An Chúirt Oibreachais	30	35
	975	970
Gníomhaireachtaí ^b	1,962	1,823
	2,937	2,793

Nóta ^a Cuimsítear foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Pá Íseal.

^b Áirítear fostaithe de chuid an Bhoird um Measúnú Díobhálacha Pearsanta, gníomhaireacht stáit neamhthráchtála nach bhfaigheann maoiniú go díreach ón Státchiste, seachas ó sholáthar pinsin.

5.2 Pá – An Roinn, Oifigí agus Gníomhaireachtaí

	2023	2022
	€000	€000
Pá	203,006	189,836
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	1,265	1,093
Liúntais eile	3,225	2,598
Ragobair	615	591
ÁSPC an Fhostóra	16,092	14,656
Pá iomlán	224,203	208,774

Tagraíonn na socruithe luach saothair don ghné phá d'Fho-cheanteidil A.1, A.4, A.5, A.6, A.7, B.1, B.3, B.4, C.1, C.3, C.5, C.7, C.8, C.11, C.12 agus C.16.

5.3 Roinn

	2023	2022
	€000	€000
Pá ^{a, b}	54,606	51,613
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	875	734
Liúntais eile	1,194	990
Ragobair	357	433
ÁSPC an Fhostóra	4,501	4,148
Pá iomlán ^c	61,533	57,918

- Nóta ^a San áireamh leis seo, tá íocaíochtaí a rinneadh le 29 iarchomhalta den Chúirt Oibreachais/Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus den Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT).
- ^b Ní áirítear táillí a íoctar le sealbhóirí oifige nach fostaithe de chuid na Roinne iad e.g. moltóirí.
- ^c San áireamh sa phá iomlán, tá pá riaracháin (A.1, B.1 agus C.1) agus na gnéithe pá d'Oifigí na Roinne (B.3, C.3, C.11 agus C.16). Tagraíonn an méid atá curtha san áireamh do phá i Nóta 1 d'fho-cheannteidil riaracháin amháin.

5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – foireann na Roinne

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2023	2022
			€	€
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	113	15	48,485	54,429
Liúntais eile	41	12	226,246	153,649
Ragobair	121	8	21,553	17,920
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	22	13	28,984	25,079

5.5 Gníomhaireachtaí

Is iad na gníomhaireachtaí atá san áireamh anseo ná an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an tÚdarás Forbartha Tionscail, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta Éireann, Idir-Thráchtáil Éireann agus Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí agus dá bhrí sin níl faisnéis phá agus liúntais mhionsonraithe ag an Roinn i leith ball foirne gníomhaireachta. Tá faisnéis mhionsonraithe i dtaca le líon agus pá fhostaithe ghníomhaireachtaí na roinne ar fáil ó na ráitis/tuarascálacha airgeadais ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

	2023	2022
	€000	€000
Pá	148,400	138,223
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	390	359
Liúntais eile	2,031	1,608
Ragobair	258	158
ÁSPC an Fhostóra	11,591	10,508
Pá iomlán	162,670	150,856

5.6 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre — baill foirne na gníomhaireachta

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2023	2022
			€	€
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	82	9	55,904	54,429
Liúntais eile	304	30	96,918	91,948
Ragobair	74	6	32,805	28,910
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	21	5	33,844	14,095

5.7 Socruithe luach saothair eile

Athfhostaíodh státseirbhíseach amháin a bhí imithe ar scor ar bhonn táille, ar chostas iomlán de €9,250. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €505,340 i dtaca le seachtar oifigeach a bhí ag obair lasmuigh den Roinn do 2023 agus ar fóc an Roinn a dtuarastal.

5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinite an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais.

	2023	2022
	€000	€000
Bunphá		
An Dr Orlaigh Quinn – chuaigh ar scor 31 Bealtaine 2023	117	213
Declan Hughes – ceaptha 1 Meitheamh 2023	138	—
	255	213

Níl luach na sochar scoir a thuilleadh sa tréimhse thuas luaite. Bhí an tOifigeach Cuntasaíochta scortha ina mball den scéim pinsean neamh-ranníocach do státseirbhísigh bhunaithe. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta reatha ina mball den scéim pinsin ranníocach do státseirbhísigh bhunaithe.

5.9 Foireann na Roinne de réir banda pá

Seo a leanas líon na bhfostaithe ar thit a gcuid sochar fostaí (bunphá, liúntais, ragobair san áireamh; ach ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra curtha as an áireamh) don bhliain airgeadais go dtí idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 ar aghaidh suas.

Bandaí pá (€)		Líon na bhfostaithe ^a	
Ó	Go dtí	2023	2022
20,000	59,999	623	668
60,000	69,999	114	80
70,000	79,999	69	69
80,000	89,999	62	61
90,000	99,999	41	28
100,000	109,999	12	21
110,000	119,999	20	18
120,000	129,999	10	1
130,000	139,999	1	1
140,000	149,999	1	—
150,000	159,999	2	3
160,000	169,999	6	4
170,000	179,999	3	4
180,000	189,999	—	2
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	—	—
210,000	219,999	1	1

Nóta ^a Áirítear leis foireann Oifigí na Roinne.

5.10 Ró-íocaíochtaí párolla

Amhail an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2023 €	2022 €
Ró-íocaíochtaí	60	167,171	132,704
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	19	75,751	77,635

Aistríodh cúig phlean aisghabhála ró-íocaíochta i leith cúigear daoine aonair ar luach €6,595 go cúig roinn eile i rith na bliana.

5.11 Scaoilíocaíocht /iomarcaíocht

I rith 2023, fuair beirt bhall foirne íocaíochtaí scaoilíocaíochta agus iomarcaíochta mar gheall ar Aire a athrú go Roinn. B'ionann na híocaíochtaí seo agus €58,702.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón AE

Fuair an Roinn, agus na comhlachtaí seo a leanas faoi choimirce na Roinne cúnamh AE go díreach mar a thaispeántar thíos.

Fo-cheannte idil		2023	2022
		€000	€000
A.4	Idir-Thrádáil Éireann	2,233	2,482
A.10	Maoiniú meaitseála do INTERREG ^a	1,195	5,581
B.3	Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann ^a	330	326
B.4	Fiontraíocht Éireann	954	843
C.5	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	11	11
		4,723	9,243

Nóta ^a Fuarthas an maoiniú seo go díreach isteach sa roinn.

6.2 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

		Bliain bhunaithe	2023	2022
			€000	€000
Buan/neamhiata				
	Comhchoistí Oibreachais	1946	4	3
	Comhchoimisiúin Eacnamaíochta	2020	—	—
	Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta	2000	35	25
	Coiste Iniúchta na Roinne	2004	3	3
	Cothromaíocht do Ghnó Níos Fearr	2021	181	190
			223	221

6.3 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh ó		Iomlán 2023	Iomlán 2022
	fostaithe	baill den phobal		
Líon na gcásanna	—	6	6	12
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne féin	—	1,020	1,020 ^a	27
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar ceann na Roinne				
Cúiteamh	—	—	—	42
Costais dlí	—	341	341 ^b	184
Costais eile	—	—	—	—
Iomlán 2023	—	1,361	1,361^c	253
Iomlán 2022	69	184	253	

Nóta ^a Dhá chás san iomlán lena n-áirítear cás amháin os cionn €50,000.

^b Ceithre chás san iomlán lena n-áirítear trí chás aonair os cionn €50,000 an ceann.

^c Níl aon íocaíochtaí maidir le héilimh ar dhíobhálacha pearsanta nó ar chailleanas/damáiste san áireamh san iomlán.

6.4 Calaois agus calaois amhrasta

Chuir Corparáid Baincúreachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) an Roinn ar an eolas faoi ábhair inní maidir le líon beag iasachtaí a d'eisigh iasachtóirí a bhí ina rannpháirtithe i scéimeanna iasachtaí arna mbainistiú thar ceann thar ceann na Roinne ag CBSÉ agus atá clúdaithe ag ráthaíochtaí a bhí maoinithe go páirteach ó Vóta na Roinne. Go sonrach, chuir iasachtóir ar aghaidh rannpháirteach CBSÉ ar an eolas go bhféadfadh líon beag iasachtaí CBSÉ a bheith faofa ag an iasachtóir ar aghaidh ar bhonn faisnéise calaoisí airgeadais amhrasta a chuir na hiasachtaithe i láthair.

Thug CBSÉ fógra faoina inní ar dtús ina Tuarascáil Bhliantúil 2021 agus thug sí tuilleadh sonraí faoin gcalaois amhrasta ina cuid Tuarascálacha 2022 agus 2023. Deimhníodh i dtuarascáil 2023 gur aimsigh CBSÉ, tar éis imscrúdaithe, go raibh tionchar ag dhá scéim roinnte riosca, is iad sin (i) an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 (SRCC) agus (ii) an Scéim Iasachta Brexit agus an Scéim Iasachta Caipitil Oibre COVID-19 (SIB/SICOC). Sainithníodh aon cheann déag d'iasachtaí calaoiseacha amhrasta arbh fhiú €1.2 milliún iad.

Níl aon ról ag an Roinn i riar na scéimeanna seo atá á mbainistiú thar a ceann ag CBSÉ. Bíonn CBSÉ i dteagmháil leis na hiasachtóirí ar aghaidh rannpháirteacha maidir leis an mbealach a riartar iasachtaí faoin dá scéim.

Fuarthas trí cinn de na hiasachtaí calaoiseacha amhrasta dar luach €0.25 milliún san iomlán faoin SIB/SICOC. Tá costais a íocadh don SIB/SICOC lena n-áirítear an chéadchailleanas maoinithe ar bhonn 60:40 ag an Roinn seo agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM).

Ba é an Ráthaíocht ón CEI ar na hiasachtaí seo ná 40% agus is é 40% an ráthaíocht a thug CBSÉ. Tá an t-iasachtóir ar aghaidh faoi dhliteanas €50,000 i.e. 20% de na héilimh seo. Chlúdódh an maoiniú céadchailleanais a d'íoc an Roinn seo agus an RTBM le CBSÉ agus CEI costas na ráthaíochtaí faoin SIB/SICOC lena n-áirítear na ráthaíochtaí maidir leis na trí iasachtaí calaoiseacha amhrasta. Tá tuilleadh comhairle dlí á lorg ag an Roinn maidir leis an ábhar seo.

Fuarthas na hocht gcinn eile de na hiasachtaí calaoiseacha amhrasta arbh fhiú €1 milliún iad san iomlán faoin SRCC. Faoin Scéim seo, tá an t-iasachtóir ar aghaidh faoi dhliteanas €0.2 milliún de na cailleanais agus d'fhéadfadh an t-iarmhéid de €0.8 milliún a bheith le híoc ag an Roinn.

Maidir leis an scéim SRCC, chuir CBSÉ éilimh isteach in earráid, ar íocaíocht ráthaíochta de €192,000 (.i. 80%) i leith dhá cheann de na hocht n-iasachtaí calaoiseacha amhrasta arbh fhiú €240,000 san iomlán iad. Chuir an Roinn an íocaíocht seo ar ais chuig CBSÉ i mí na Samhna 2022. Cuireadh an Roinn ar an eolas ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2023 faoin bhféidearthacht go bhféadfaí na hiasachtaí sin a fháil bunaithe ar fhaisnéis bhréagach. Agus í ag fanacht ar shoiléire ar an ábhar, rinne an Roinn glanluacháil ar an €192,000 a bhain leis na hiasachtaí amhrasta ón gcéad bhaisc éileamh eile ó CBSÉ a bhí le híoc i mí an Mheithimh 2023.

Dheimhnigh CBSÉ go ndearna foireann iniúchta inmheánaigh an iasachtóra ar aghaidh athbhreithniú neamhspleách agus rinne foireann dlí CBSÉ athbhreithniú ar dhoiciméid na hiasachta. Chuir an t-iasachtóir ar aghaidh fianú ar fáil do CBSÉ ag dearbhú gur chuir an t-iasachtóir ar aghaidh a chuid polasaithe agus nósanna imeachta caighdeánacha i bhfeidhm maidir leis na hiasachtaí calaoiseacha amhrasta. Dheimhnigh CBSÉ, tar éis a athbhreithnithe, go raibh sí sásta gur chuir an t-iasachtóir ar aghaidh a próisis chaighdeánacha i bhfeidhm maidir leis na hiasachtaí calaoiseacha amhrasta. Ar leithligh, lorg an Roinn comhairle dlí maidir leis an ábhar seo agus dheimhnigh an chomhairle seo freisin nár sháraigh an t-iasachtóir ar aghaidh téarmaí a chomhaontaithe maidir leis an ráthaíocht. Bhuail an Roinn go díreach leis an iasachtóir ar aghaidh ina dhiaidh sin maidir le glanluacháil na n-íocaíochtaí ráthaíochta a bhain leis an dá iasacht agus maidir le conas ba mhian leis an iasachtóir an cheist a réiteach. D'iarr an t-iasachtóir ar aghaidh go ndéanfaí íocaíocht i leith na n-éileamh go léir gan íoc faoi CCGS chomh maith le haisíocaíocht na suime 'glanluacháilte' de €192,000 in ionad an dá éileamh a cuireadh isteach i mí na Samhna 2022.

Maidir leis an aon cheann déag d'iasachtaí calaoiseacha amhrasta, dheimhnigh CBSÉ gur tuairiscíodh na cásanna do na húdaráis ábhartha agus go bhfuil imscrúduithe ar na cásanna ar bun. Tá CBSÉ ag coinneáil na Roinne ar an eolas faoi dhul chun cinn na n-imscrúduithe. Tá an CBSÉ tar éis bogadh chun an riosca go dtarlódh an tsaincheist seo arís a íoslaghdú trí athbhreithniú a dhéanamh ar fhaomhadh iasachta an iasachtóra infheidhmithe agus nósanna imeachta tarraingthe anuas agus comhaontaíodh go raibh gá le hathruithe chun iad a neartú.

6.5 Tobhach fostaíochta agus oiliúna

Cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna, a bhí socraithe ag 1% d'ioncam iomlán duine aonair le roinnt eisceachtaí, le héifeacht ón 6 Aibreán 1999. Leanann an Roinn ar aghaidh ag fáil méideanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúil an tobhaigh. Bailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna agus íoctar ar aghaidh é chuig an Roinn gach mí. Íoctar an t-airgead leis an Státchiste ina dhiaidh sin.

Ráiteas faoi íocaíochtaí a rinneadh de réir Alt 25(1) den Acht um Sheirbhísí Saothair 1987.

	2023	2022
	€000	€000
Faighte ó na Coimisinéirí Ioncaim	13	33
Íoctha isteach sa Státchiste	13	33

6.6 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigiltis de €20 milliún ó thaobh caiteachas caipitil de in 2023 sna fo-cheannteidil seo a leanas a tugadh anonn go 2023.

	€000
Fo-cheannteidil	
A.5 GFT Éireann	15,305
A.7 Fiontraíocht Éireann	4,695
	20,000